Cosaint Leanaí Cuid 1

Clár Oiliúna do Bhoird Bhainistíochta

7 Aibreán 2022

AN FORAS PÁTRÚNACHTA







An tAcht Tús Áite Do Leanaí, 2015 , RLGÓ Treoir Náisiúnta agus Nósanna um Chosaint Leanaí ROS 2017

Lucht Foirne Scoile

- Is éard is ‘Lucht Foirne Scoile’ ann ná téarma aicmeach a chiallaíonn gach aosach atá bainteach le feidhmiú na scoile
- Clúdaíonn sé *fostaithe* agus *oibrithe deonacha* agus
- *Baill chomhairle na dtuistí* nuair atá siad ag obair sa scoil.

Mí-úsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint

Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile go léir eolach ar

- na ceithre phríomhchineál mí-úsáide:
  - faillí
  - mí-úsáid mhothúchánach
  - mí-úsáid chorpartha
  - mí-úsáid ghnéasach
- Comharthaí agus iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhartha de mhí-úsáid leanaí.

Mí-úsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint (Ar lean)

Bulaíocht

Foráiltear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus sna Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta, i gcásanna a bhaineann le tromaíocht tromchúiseach nuair a mheastar go bhféadfadh iompar a bheith mí-úsáideach, d'fhéadfadh go ndéanfaí atreorú chuig Tusla nó chuig an nGarda Síochána de réir mar is cuí.

(2.3.5 Nósanna ROS 2017

Forais Réasúnta Imní

- Fianaise (m.sh. gortú nó iompar) ar comhsheasmhach í leis an mí-úsáid agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid ghnéasach fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúchánach nó chorpartha
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid dóibh
- Admháil nó tásc le duine fásta nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mí-úsáid

▶ 2.2 Nósanna ROS 2017

Freagrachtaí Lucht Foirne na Scoile go léir

In aon chás ina bhfaigheann **aon bhall den lucht foirne scoile** líomhain nó má tá amhras orthu go bhféadfaí go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go bhfuil mí- úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann ... ní mór go ndéanfaidh sé nó sí an t-ábhar a thuairisciú don DIA

Anuas air sin caithfidh **múinteoir cláraithe** mar **dhuine sainordaithe** a mheas an bhfuil an imní ag an tairseach nó os a cionn chun tuairisc sainordaithe a dhéanamh do Tusla.

(3.1.1 & 3.1.2 Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017

Freagrachtaí Lucht Foirne na Scoile go léir

Taifid a choinneáil:

Ríthábhachtach taifead i scríbhinn a choinneáil ar gach eolas atá ar fáil:

Breac síos go cúramach an méid atá feicthe agus cathain

Cur síos ar chomharthaí gortaithe fisiceacha agus, más cuí, déanfar sceitse.

Déanfar aon trácht a dhéanann an leanbh a thaifeadadh

Déanfar taifead a shíniú, a dhátú agus a thabhairt don DIA

** Nóta: Teimpléid RO go léir ar www.Foras.ie*

Gníomhartha an DIA:

- Taifead a dhéanamh de gach imní nó líomhain mar aon leis na gníomhartha a rinneadh
- Coinneoidh an DIA cóip de gach tuairisc a chuir sé nó sí isteach chuig Tusla agus coinneoidh sé taifead d'aon ghníomh breise atá le déanamh ag an DIA agus d'aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile
- Tabharfaidh an DIA cód uathúil nó sraithuimhir do gach cáschomhad

Ceanglais reachtúla ar Mhúinteoirí Cláraithe

Tá *dhá phríomhcheanglas reachtúla* ar mhúinteoirí cláraithe mar faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

1. eolas, creideamh nó foras réasúnta le hamhras go bhfuil díobháil déanta do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil do leanbh a **thuairisciú** chuig Tusla, agus
2. **cúnamh** a thabhairt do Thusla chun imní a mheas atá tar éis bheith mar ábhar le tuairisc shainordaithe, má iarrann Tusla sin de réir an Achta.

Tuairisciú

Forais réasúnta imní

Ag an Tairseach Díobhála nó Os a Cionn

Sainmhíniú ar Díobháil

Ciallaíonn "**díobháil**", maidir le leanbh –

a) ionsaí, drochíde nó faillí ar an leanbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go mór ar shláinte, fhorbairt nó leas an linbh, nó ar dóigh dó dul i bhfeidhm go mór air, nó

(b) mí-úsáid ghnéasach an linbh,

cibé acu le gníomh aonair, neamhghníomh nó imthoisc nó sraith nó teaglaim de ghníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca, nó eile; "

Tairseach Díobhála

- **…….. ag a mbíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici:**
  - go bhfuil **faillí/drochíde/ionsaí** déanta ar leanbh nó ar riachtanais linbh,
  - go bhfuil **faillí/drochíde/ionsaí** á déanamh ar leanbh nó ar riachtanais linbh nó
  - go bhfuil an baol ann go ndéanfaí **faillí/drochíde/ionsaí** ar riachtanais linbh,

faillí/drochíde/ionsaí
chomh mór sin…….

- **……. go bhfuiltear tar éis dul i gcion, nó go bhfuiltear ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachfar i gcion go tromchúiseach ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.**
- **Ós rud é go mbaineann gach drochúsáid ghnéasach leis an gcatagóir díobhála a théann i gcion go tromchúiseach ar shláinte, leas nó forbairt linbh, ní mór gach ábhar imní faoin drochúsáid ghnéasach a chur isteach mar thuairisc shainordaithe chuig Tusla**

Ábhair Imní aThuairisciú

Ábhair Imní a Thuairisciú – **An Lucht Foirne ar fad**

Lucht Foirne Scoile	D.I.A	Taifead

Áit a mbaineann an líomhain nó an t-ábhar imní leis an DIA, tuairisceoidh an ball foirne scoile chuig Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta

Lucht Foirne Scoile	Cathaoirleach	Taifead

Ábhair Imní a Thuairisciú – **Múinteoir Cláraithe**

Tuairiscíonn don DIA:

Caithfidh an DIA agus an múinteoir cláraithe a mheas sa chéad ásc cé acu an bhfuil nó nach bhfuil forais réasúnta ann le himní

Déanfaidh siad a mheas i gcomhar le chéile ansin an bhfuil an imní i gceist **ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os cionn** na tairsí díobhála sainmhínithe

Áit nach bhfuil an DIA cinnte, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thusla.

Cuirfidh an múinteoir cláraithe agus an DIA an tuairisc shainordaithe faoi bhráid Tusla **le chéile** má bhíonn an t-imní **ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os a cionn**

Cuirfidh an DIA tuairisc chuig Tusla má bhíonn forais réasúnta imní ann (neamh-shainordaithe de réir rannán 5.4)

Ábhair Imní a Thuairisciú – **Múinteoir Cláraithe**

Forais Réasúnta Imní

- Iarrann DIA comhairle ar Thusla
- **Tuairisc ó DIA de réir** 5.4 na Nósanna imeachta

Ag an tairseach shainmhínithe díobhála nó os a cionn Caib.4

- Iarrann DIA comhairle ar Thusla
- Cuirfidh an múinteoir cláraithe agus an DIA an tuairisc shainordaithe faoi bhráid Tusla **i gcomhar le chéile** de réir 5.2.5 na nósanna imeachta

Ábhair Imní a Thuairisciú – **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe**

- **Comhairle neamhfhoirmiúil ó Thusla :**

  Má bhíonn amhras ann iarr comhairle ar Thusla agus bí sóiléar gurb í comhairle atá á lorg, agus nach bhfuil tuairisc á scríobh ag an gcéim neamhfhoirmiúil seo.

  Ní gá aon sonraí céannachta a thabhairt ag an gcéim neamhfhoirmiúil seo.

  Coinnigh taifead ar an dáta, ainm an oifigigh Tusla agus ar an gcomhairle faighte.

  Más múinteoir cláraithe a d'ardaigh an t-imní, cuir an múinteoir ar an eolas maidir leis an toradh.

** Nóta: Teimpléid ar www.foras.ie*

Ábhair Imní a Thuairisciú – AN DIA

- **Tuismitheoir/Cúramóir a chur ar an eolas;**
- *Dea-chleachtas atá ann an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh agus na cúiseanna leis an gcinneadh an tuairisc a dhéanamh ach amháin:*
  - más rud é go mbeidh an leanbh i mbaol breise nó
  - i gcásanna ina mbeadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc ina bhac le cumas Tusla measúnú riosca a dhéanamh nó
  - má tá an tuairisceoir den bharúil réasúnta go mbeadh an tuairisceoir i mbaol díobhála ón teaghlach tríd é sin a dhéanamh.

Sa chás go bhfuil aon amhras ag an DIA maidir le tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh faoina leanbh, iarrfar comhairle ó Thusla.

** Nóta: Teimpléad c ar www.foras.ie*

Ábhair Imní a Thuairisciú – DIA/Duine Sainordaithe

- Foirm le bheith comlánaithe & curtha ar aghaidh chomh luath agus is féidir
- Léirigh ar rannán 6 gur tuairisc shainordaithe í
- Tabharfaidh Tusla admháil fhoirmiúil don duine sainordaithe
- Ní gá an t-imní a thuairisciú ach uair amháin. Ach déan tuairisc eile má bhíonn breis eolais ar fáil


TUSLA An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Child and Family Agency

Child Protection and Welfare Report Form

MANDATED PERSONS AND NON MANDATED PERSONS
(Children First Act 2015 & Children First National Guidance)

Use block letters when filling out this form.
Fields marked with an * are mandatory.

1. Tusla Area (this is where the child resides)*

2. Date of Report*

3. Details of Child

First Name*		Surname*	
Male*	☐	Female*	☐
Address*		Date of Birth*	
		Estimated Age*	
		School Name	
		School Address	
Eircode			

https://www.tusla.ie/children-first/web-portal/

Liomhain mhí-úsáide déanta ag tuismitheoir faoi bhall den lucht foirne scoile

Laistigh de 10 lá, eiseoidh DIA *fógra i* don tuiste atá i gceist :

- (a) de réir cheanglais na Nósanna Imeachta
  1. go bhfuil an scéal tuairiscithe ag an DIA chuig Tusla nó
  2. go bhfuil comhairle iarrtha maidir leis an scéal ó Thusla ag an DIA agus de bhun na comhairle sin nár tuairiscíodh an scéal chuig Tusla nó
  3. gur chinn an DIA nárbh fhorais réasúnta imní a bhí ann de réir mar atá leagtha amach faoi na nósanna imeachta seo agus nár ghá é a thuairisciú chuig Tusla mar sin agus gur mar seo a leanas a bhí na cúiseanna leis an gcinneadh sin,
- (b) go bhfuil sé de rogha ag an tuismitheoir i gceist dul i dteagmháil go díreach le Tusla maidir leis an scéal, más mian leis an tuismitheoir
- (c) go gcaithfear déileáil le líomhain ar bith drochúsáide de réir imeachta cuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 agus nach ndéileálfar leo mar sin faoi nósanna imeachta na scoile do ghearáin ó thuismitheoirí.

** Nóta: Teimpléad Roghnach ROS D*

Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí bainteach leis an Lucht Foirne Scoile

Nós imeachta i leith na líomhna/an amhrais

Nós imeachta chun déileail leis an bhfostaí

Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí a bhaineann leis an Lucht Foirne Scoile - *Prótacal lena n-údaraítear beart láithreach*

- Tá d'údarás ag cathaoirleach an BB (in imthoscaí iomchuí)a rá le fostaí gan bheith i láthair na scoile gan pá a chailleadh go dtí go measfaidh an BB an cás.
- Baineann prionsabail an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta cothroma
- Bearta réamhchúramacha agus nach mbeidís ina mbearta araíonachta
- Iarrfar ar an bhfostaí teacht chuig cruinniú le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus is é an fheidhm leis an gcruinniú a chur in iúl don fhostaí faoin líomhain agus faoin mbeart atá le déanamh. Cuirfear in iúl go bhféadfadh duine cuí a bheith in éineacht leis/léi.
- Ar aon chaoi, cuirfear in iúl don fhostaí i scríbhinn

Aguisín 3, Lth 96, Nósanna Imeachta ROS 2017

Líomhaintí nó Amhrais faoi Dhrochúsáid Leanaí bainteach le Fostaí Scoile – *Nós imeachta tuairiscthe*

- Is cuma cé acu an bhfuil an scéal á thuairisciú chuig Tusla nó nach bhfuil, cuireadh an DIA an fostóir ar an eolas i gcónaí maidir le líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí de chuid na scoile

Líomhain nó amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le ball den Bhord Bainistíochta

Cuirfidh an bord bainistíochta an pátrún ar an eolas go bhfuil tuarascáil lena bhfuil ball boird luaite curtha faoi bhráid Tusla.